CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 147/25
Lucsamburg, 25 Samhain 2025

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-713/23 | Wojewoda Mazowiecki

# Saoránacht an Aontais: tá sé d'oibleagáid ar Bhallstát aitheantas a thabhairt do phósadh beirt saoránach den Aontas ar chomhghnéis, arna dtabhairt i gcrích go dlíthiúil i mBallstát eile, áit a bhfuil a saoirse chun gluaiseacht agus cónaí feidhmithe acu

D'iarr beirt saoránach Pholannacha a pósadh sa Ghearmáin go ndéanfaí a dteastas pósta a aistriú i gclár stádais shibhialta na Polainne ionas go n-aithneofaí a bpósadh sa Pholainn. Dhiúltaigh na húdaráis inniúla ar an bhforas nach n-údaraítear le dlí na Polainne pósadh idir daoine ar chomhghnéis. Agus í á ceistiú i ndáil leis sin ag cúirt náisiúnta, measann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil diúltú aitheantas a thabhairt do phósadh beirt saoránach den Aontas, arna dtabhairt i gcrích go dlíthiúil i mBallstát eile, áit a bhfuil a saoirse chun gluaiseacht agus cónaí feidhmithe acu, ag teacht salach ar dhlí an Aontais, ós rud é go sáraítear leis an tsaoirse sin agus an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh. Dá bhrí sin, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit aitheantas a thabhairt, chun críocha cearta a thugtar le dlí an Aontais a fheidhmiú, do stádas pósta a rinneadh go dlíthiúil i mBallstát eile. Cuireann an Chúirt in iúl, áfach, nach gciallaíonn an oibleagáid sin gur ghá pósadh idir daoine ar chomhghnéis a thabhairt isteach sa dlí náisiúnta. Ina theannta sin, tá lánrogha ag na Ballstáit maidir leis na nósanna imeachta a roghnú chun aitheantas a thabhairt do phósadh den sórt. Mar sin féin, i gcás ina roghnaíonn Ballstát foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta amháin chun aitheantas a thabhairt do phóstaí arna dtabhairt i gcrích i mBallstát eile, amhail aistriú an teastais pósta sa chlár stádais shibhialta, ceanglaítear air an nós imeachta sin a chur i bhfeidhm freisin maidir le póstaí arna dtabhairt i gcrích idir daoine ar chomhghnéis.

In 2018, phós beirt saoránach Pholannacha i mBeirlín, a raibh cónaí orthu sa Ghearmáin agus a bhfuil náisiúntacht Ghearmánach freisin ag duine acu. Ós mhian leo dul chun na Polainne agus cónaí ann mar lánúin phósta, rinne siad iarratas ar aistriú [1] a dteastas pósta a rinneadh sa Ghearmáin i gclár stádais shibhialta na Polainne chun go n-aithneofaí a bpósadh sa Pholainn. Diúltaíodh don iarratas sin ar an bhforas nach n-údaraítear le dlí na Polainne pósadh idir daoine ar chomhghnéis. Dá bhrí sin, sáraítear na bunphrionsabail a chumhdaítear i ndlíchóras na Polainne le aistriú an teastais pósta atá i gceist.

Cuireann na céilí i gcoinne an diúltaithe sin. Tharchuir Cúirt Riaracháin Uachtarach na Polainne an cás chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Féachann sí lena fháil amach an bhfuil an reachtaíocht náisiúnta nach gceadaítear léi aitheantas a thabhairt do phósadh idir daoine ar chomhghnéis arna dtabhairt i gcrích i mBallstát eile nó aistriú chun na críche sin den teastas pósta sa chlár sibhialta i gcomhréir le dlí an Aontais [2].

Meabhraíonn an Chúirt, cé go dtagann rialacha a bhaineann le pósadh faoi inniúlacht na mBallstát, go gceanglaítear ar na Ballstáit dlí an Aontais a chomhlíonadh agus an inniúlacht sin á feidhmiú acu. Tá an tsaoirse ag na céilí atá i gceist, mar shaoránaigh den Aontas, gluaiseacht agus cónaí ar chríoch na mBallstát agus tá an ceart acu gnáthshaol teaghlaigh a bheith acu agus an tsaoirse sin á feidhmiú acu agus iad ag filleadh ar a mBallstát baile. Go háirithe, **i gcás ina gcruthaíonn siad saol teaghlaigh i mBallstát óstach, mar thoradh ar a bpósadh ach go háirithe, ní mór dóibh a bheith cinnte go mbeidh siad in ann leanúint den saol teaghlaigh sin agus iad ag filleadh ar a**

**mBallstát baile.**

D'fhéadfadh an diúltú aitheantas a thabhairt do phósadh idir beirt saoránach den Aontas ar chomhghnéis, arna dtabhairt i gcrích go dlíthiúil i mBallstát eile inar fheidhmigh siad a saoirse chun gluaiseacht agus cónaí, a bheith ina chúis le bacanna tromchúiseacha riaracháin, gairmiúla agus príobháideacha, rud a chuirfeadh iallach ar na céilí cónaí mar dhaoine aonair ina mBallstát baile.

Ar an gcúis sin, **measann an Chúirt go bhfuil diúltú den sórt sin ag teacht salach ar dhlí an Aontais.** Sáraítear ní hamháin an tsaoirse chun gluaiseacht agus cónaí, ach freisin an ceart bunúsach go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh [3].

De réir na Cúirte, ní bhaineann **an oibleagáid aitheantais** an bonn den fhéiniúlacht náisiúnta ná ní chuireann sí beartas poiblí Ballstát bhaile na gcéilí i mbaol. **Ní cheanglaítear léi ar an mBallstát sin foráil a dhéanamh ina dhlí náisiúnta maidir le pósadh idir daoine ar chomhghnéis.**

Ina theannta sin, **tá lánrogha ag na Ballstáit na nósanna imeachta a roghnú chun pósadh den sórt sin a aithint**, agus níl in aistriú an teastais pósta eachtraigh ach nós imeachta féideartha amháin. Mar sin féin, cuireann an Chúirt in iúl nár cheart go bhfágfadh na nósanna imeachta sin go mbeadh an t-aitheantas sin dodhéanta nó ródheacair ná go ndéanfaí idirdhealú in aghaidh lánúineacha chomhghnéiseacha mar gheall ar a ngnéaschlaonadh, rud is amhlaidh i gcás nach bhforáiltear leis an dlí náisiúnta, do lánúineacha comhghnéiseacha, do nós imeachta um aitheantas atá coibhéiseach leis an nós imeachta a dheonaítear do lánúineacha heitrighnéasacha.

Dá bhrí sin, **ós rud é gurb é an t-aistriú sin an t-aon bhealach dá bhforáiltear le dlí na Polainne** chun go n-aithneoidh na húdaráis riaracháin go héifeachtach pósadh a tugadh i gcrích i mBallstát eile, **ceanglaítear ar an bPolainn an nós imeachta sin a chur i bhfeidhm gan idirdhealú** maidir le póstaí idir daoine ar chomhghnéis agus iad siúd arna dtabhairt i gcrích idir daoine den ghnéas eile.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Is éard a bheidh i gceist le haistriú doiciméid maidir le stádas sibhialta eachtrach ábhar an doiciméid sin a aistriú go dílis agus go litriúil go clár sibhialta na Polainne. Eascraíonn taifead ar stádas sibhialta Polannach as aistriú atá scartha ón taifead bunaidh lena gcláraítear an t-imeacht, arb ionann a luach cruthúnais agus agus taifid ar stádas sibhialta a bunaíodh sa Pholainn.

[2] Airteagal 20 agus Airteagal 21(1) CFAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 7 agus Airteagal 21(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[3] Cumhdaithe in Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus leis an mbrí agus leis an raon feidhme céanna leis an gceart a ráthaítear in Airteagal 8 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. I ndáil leis sin, líomhnaíonn an Chúirt, *inter alia*, breithiúnas

an 12 Nollaig 2023 in *Przybyszewska agus páirtithe eile* v. *an Pholainn*, inar chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine nár chomhlíon an Pholainn a hoibleagáid dhearfach creat dlíthiúil a bhunú chun lánúineacha comhghnéiseacha a aithint agus a chosaint.